**Bloc K3**
**Campas Gnó Mhaigh Nuad**
**Maigh Nuad, Co. Chill Dara**
**Fón: 01-6294110**
**Ephost: eolas@foras.ie**
**www.foras.ie**

**Cruinniú Cinn Bhliana An Fhorais Phátrúnachta**
**9 Nollaig 2021 19.00 Ar-Líne**

A chairde,

Go raibh maith agaibh gach duine a chláraigh don CCB. Cruinniú ar líne a bheidh againn arís i mbliana toisc COVID 19. Seolfar cuireadh ZOOM chuig gach duine a chláraigh linn (is féidir clárú suas go dtí 17.00i.n. Dé hAoine an 3 Nollaig) Tá sé an-tábhachtach d'ainm agus do scoil a léiriú ar do scáileáin le linn an chruinnithe.

Is ar ZOOM webinars a reáchtálfar an cruinniú agus míneofar an prótacail maidir le labhairt, ceist a chur nó vóta a chaitheamh ag tús an chruinnithe.

Leis an litir seo gheobhaidh sibh:

- Clár an chruinnithe
- Miontuairiscí CCB 2020
- Cuntais Iniúchta 2020

Os rud é go bhfuil an cruinniú ar líne agus go gcruthaíonn sé seo dúshláin i gcomparáid le cruinniú beo iarraimid ar chomhaltaí an t-ábhar seo a bheith léite roimh an gcruinniú. Ar an dóigh seo beimid ábalta an leas is fearr a bhaint as an am atá againn agus an cruinniú a reáchtáil chomh héifeachtach agus is féidir.

Maidir le toghchán don Bhord Stiúrtha agus rúin an CCB, tabhair faoi deara gurb ag Comhaltaí an Fhorais Phátrúnachta ar an mBord Bainistíochta nó a n-ionadaithe ainmnithe a mbeidh cead acu vóta a chaitheamh.

Arís ár mbuíochas as bhur gcabhair agus táimid ag súil le labhairt libh ag an gcruinniú.

**Le gach dea-ghuí**

**Caoimhín Ó hEaghra**

AN FORAS PÁTRÚNACHTA

# CLÁR AN CHRUINNITHE

## 09 NOLLAIG 2021

7 I.N.

- Fáiltiú
- Miontuairiscí CCB 2020
- Tuairisc an Chathaoirligh
- Tuairisc an Chisteora & Ráitis airgeadais 2020
- Tuairisc an Rúnaí
- Toghcháin

8 I.N.

- Rúin na Comhdhála
- Aon ghnó eile